"SPRID 1915"

(Ar lean. ó leath. 6)

-cadh nua dóibh orthu féin agus ar an saol — tháinig lead óg amháin abhaile ó oíche scéalaíochta i gCearnóg Pharnell agus chonaic sé, den chéad uair ina shaol, na réaltóga ag glioscarnach sa spéir os a chionn. Mar adeir Liam O Briain, bhí mar a bheadh fíon san aer. Bhí idir óg agus aosta ag léamh "Simple Lessons" Uí Ghramhnaigh ó cheacht go ceacht san "Freeman's Journal": chuaigh na Timirí agus na múinteoirí taistil amach ar a gcuairteanna; tosaíodh ar na Coláistí Samhraidh a thógáil, agus chonaic na mílte míorúilt na Gaeltachta lena súile cinn. Shroich an rabharta chomh fada le Meiriceá; chuir Diarmaid O Loingsigh "An Pósadh" le de hIde ar an ardán i Nua-Eabhrac, agus baineadh geit as—bhí na sráideanna plúchtha le carráistí na maoin-aicme a tháinig ag plódú isteach chun dráma Gaeilge a chloisteáil.

Cad ba chúis leis an mórshuathadh Tá, seo. Aircitíp ag teacht chun solais as cuimhne chianaosta an chine. Tríd an ngluaiseacht Gaeilge, ligeadh srian leis an aon íomhá náisiúnta amháin nach den intleacht í, ná den chroí, ach de bhunsraith dhorcha na pearsantachta, an duibheagán sin ar a dtugtar an chuimhne shinseartha.

Mar sin, tá léas beag tuisceana againn ar cad a thit amach ag Beann Eadair, oíche na mórbháistí, nuair a labhair an glór glinn leis an gcruinniú beag sin, ag cur Aeidín i gcuimhne dóibh, agus cromleac an Chailín faoin oíche amuigh. D'aiséirigh an íomhá álainn mar a bheadh as tuama na suimhne sinseartha iontu; bhraith siad go raibh an Cailín ina seillebheatha chucu i gcrónsolas an lampa, agus d'aithnigh siad a glór.

Is é an t-ainm a bhí ar an gcailín sin ná Lil Nic Dhonnchadha.

Ba í an íomhá sin ón gcuimhne shinseartha a bhronn beocht agus pearsantacht ar gach aon cheann de na gluaiseachtaí agus de na cumainn náisiúnta. Thug sé féiniúlacht do Sinn Féin; thug sí na Fianna do na Fininí. Do phoblachtaigh doctrinaire an I.R.B., agus do phoblachtaigh shoisialta an Lucht Oibre, thug sí léargas beag ar phobal a mbeadh bunús deimhnitheach leis, pobal nach mbeadh a sheasamh ar phrionsabal diúltach amháin, diúltú don íomhá Impiriúil, ach a mbeadh sainphrionsabal deimhnitheach dá chuid féin ann, pobal Gaelach. Agus ar Oglaigh na hEireann bhronn sí an tuiscint, nó cuid bheag den tuiscint, nach ar son Pairliminte don oileán ar fad a bhí siad in airm is in éide, nach ar son Phoblacht Wolfe Tone agus Emmet fiú, ach ar son slánú a bpearsantacha féin agus iomlánú na pearsantachta poiblí a chur i gcrích, agus athnuacan a bhíogadh a bheadh ina hathbheochan, nó go gcuirfí ar an saol go follasach an "Eire" sin atá, i bhfriotal Chéitinn, ina domhan beag inti féin.

Marach an Ghaeilge ní bheadh réabhlóid ar bith ann. Is trí gheata na Gaeilge a ghabh ceannairí míleata na réabhlóide isteach ar an mbealach cúng—Mac Donnchadha, Pluincéad, Ceannt, de Valera, O Maoilíosa, Mac an tSaoi . . . agus thar gach aon duine eile, an file, Mac Piarais. Bhí deighilt pearsantachta ag roinnt leis na fir sin go léir: bhí an íomhá Impiriúil suite go daingean iontu (mar atá ionainn go léir), ina sinsireacht fola, ina sinsireacht éargna agus ealaíne, ina múnlaí idéalachais, ina módhanna smaointe, ina dtitim chainte: ach san am céanna bhí tuiscint intleachtach acu den indibhidiúlacht, agus den tsaoirse aigne. Tuiscint intleachtach ag lorg íomhá spioradálta. Ba mhór agus b'iontach leis na fir sin an faoiseamh a mhothaigh siad, an slánú tobann pearsantacht a mhothaigh siad, nuair a tháinig said i gcéaduair faoi anáil na Gaeilge. Bhraith siad sprid na hAiséirí, rinne said an rogha, bhuaigh siad cogadh an dá íomhá ina bpearsantachtaí féin ar dtús, rud a thug an cumas dóibh agus an dánacht chun an Cháisc phoiblí a fhógairt, agus tús a chur leis an gCogadh Cathartha ar shráideanna Bhaile Atha Cliath.

IV. CNAMHA AN SCEIL

Ach ní staraí mé, agus is leasc liom an ginearálú seo. A Uachtaráin Eireann, a Bhean an Uachtaráin, a Dhaoine Uaisle—is eagal linn an óráidíocht agus an ginearálú; ní féidir scéal a ghinearálú gan é a shimpliú gan é a bhréagnú. Mo chás féin de, ní thig liom teacht ar sprid 1916 gan corp agus cnámha dalba an scéil a rianú, agus an patrún a lorg sna cnámha sin— an Gaby Glide; an galtán Gréigeach Nicholas Michalos: Seán L. O Súilleabháin agus Uinseann O Briain, an Volunteer Sauce, an ghoraille sa Sú darb ainm di "Empress" agus Mrs. Fenwick's French Governess; Lil Nic Dhonnchadh ag labhairt faoi Aeidín, agus Uachtarán Comhlachta Cócó ag impí ar Eirinn múscailt as a codladh agus cannaí stáin a chur ar fáil do chum shaibhriú an lucht trádála agus shlánú na sibhialtachta; gloine dhaite Sarah Purser ag léiriú théama na hAiséirí, agus ar an gcéad lá den bhliain, rá na gcapall buaite ag—"The Same Agin." Saol corportha, spadánta, patdiaga, patdamanta, docheannsaithe, fíorshuimiúil, saol an Dúin seo ina mairimid. Is beag léargas a fhaighimid air sna leabhair staire, ach sin é an saol a gcaithfimid dul i ngleic leis más mian linn míorúilt na réabhlóide a aimsiú agus a thuiscint.

Má sea, a dhaoine uaisle, i gcead daoibh. déanfaidh mé dreas beag amháin eile den tochailt sa dusta seo:—

Tamall níos faide anonn sa bhliain. Mí Aibreáin, 24ú. Luan Cásca (Shakespeare Monday) 10 a.m. Lá breá gréine, agus slua mór sa Chathair ag caitheamh na saoire. Siúlann Ard - Rúnaí Chonradh na Gaeilge tríd an slua, go Cearnóg Pharnell. Fear beag téagartha, spéaclaí ar a shrón, culaith éadrom air agus hata panama. Isteach leis ina oifig ag Uimhir 25, druideann an doras, agus tosaíonn ag ransú trína chuid tarraiceán. Tá uaigneas mór ina thimpeall, macallaí sna cúinní, sna cúinní, uaigneas seantí a thaithníodh mórchuid daoine, mórchuid glór. Miontuairiscí, miontuairiscí, comhaid, billí, bioranna taiscthe, dusta agus boladh na seanaimsire. Níos mó ná fiche bliain anois ann ó bunaíodh an Conradh — de hIde, O Gramhnaigh, Mac Néill. Mac Néill. Deacair dearmad a dhéanamh ar a ghlór cruinn Ultach. Staiceann de leabhráin scoile ar na seilfeanna, téacsanna, cláir fheiseanna agus cheolchoirmeacha, an saothar fada foighneach go léir, beartanna de phaimfiléid, irisí, imleabhair cheangailte, An Claidheamh Soluis — "our main object therefore, and the sole test of our success, is the continuance and spread of the Irish Language as the language of little children" — Mac Néill. Bloic, grianghraif, Cormac O Cadhlaigh ag caitheamh fillte beaga, postaeir, 'Bí Fial le Ciste na Teanga,' stampaí poist, seanchláir Oireachtais, bosca cairtphaipéir agus fáinní órga ag glioscarnach ann, beartanna bandáilte de chomhdhuillí seiceanna, cóipeanna d'óráidí, taibhsí an marbh ag iarraidh labhairt tríd an gcló trom, an tromlitriú, b'achrannach dá shúil féin riamh é, litreacha peannscríofa brúite ar a chéile agus an bior géar trína gcroí anois — ó ArdMhéara Dhoire: Sir, I beg to acknowledge receipt of your communication in reference to the proposed cuts in Government Grants for Education. Litir ó Mhac Cuartáin. Cuireann sé ina phóca í sin. Litir ó Easpag Chiarraí. Do Sheán T. O Ceallaigh, Ard Rúnaí Chonartha na Gaedhluinne.

(Ar lean.)

TALAṀ FORAOISEAĊTA I DTÍRĊONAILL

Sa Ḋáil, tamall ó ṡin, d'ḟiafraiġ P. Ó Domhnaill, T.D., don Aire Tailte, cé'n fáṫ naċ ḃfuil Oifigeaċ Ceannaċ talaṁ bunaiṫe i nDún na nGall, in áit ina ḃfuil seans mór fá ċoinne foraoiseaċta.

D'ḟreagair an tUasal Ó Mórán, T.D., Aire Tailte, gur i Sligeaċ a ḃí an ceann-ceaṫrún do na condaeṫa san iar-ṫuaisceart, Dún na nGall, Sligeaċ ⁊ Liatrom. Ba ṁaiṫ an rud adúirt sé, dá mbeaḋ foireann ceannaiṫe talún don ċeantar ag an ceann-ceaṫrún céanna, fá ċoinne obair éifeaċtúil agus có-oibriú.

MONARCA POTEZ I nGAILLIṀ

Sa Ḋáil, d'ḟiafraiġ Breandán Mac Feorais, T.D., don Aire Tionscail agus Tráċtála, an raiḃ seans ar biṫ go raċfaḋ muintir Potes i nGaillim arais ċuig lán-táirgeaḋ agus an gcomlíonfaí an gealllúint a tugaḋ go mbeaḋ 700 fear ag obair ann am ar biṫ insan aimsir roṁainn. Agus arḃ eol dó go raiḃ an méid mór oibriṫe a ċaill a gcuid oibre ag Potes ċoṁ maiṫ le dá ġnóluċt eile a ḋruid suas, ina ḃráinn ġéar de ṫairḃe oibreaċais i nGaillim, agus an ndéanfaḋ sé fiosrú láiṫreaċ faoi dream eile a ḟáil a ġlacaḋ as láiṁ monarcan Muintir Potes d'ḟonn agus é ċur fá lán tseoil.

Dúirt an Dr. Ó hIrġile, T.D., Aire Tionscail agus Tráċtála, naċ raiḃ sé ábálta a rá cé'n uair a ḃeaḋ monarcan Potes faoi lán táirgeaḋ, nó cé acu ċomlíonfaí an gealllúint do 700 fear a ḃeiṫ ag obair. Tuigim, ar seisean, go ḃfuil an comluċt ag déanaṁ iarraċtaí leis an stoc atá ar láiṁ acu a ḋíol, d'ḟonn tabairt faoi ġnáṫ táirgeaḋ san am atá le teaċt. Dúirt sé go raiḃ ḟios aige ċoṁ h-olc agus a ḃí an scéal i nGaillim de ṫairḃe oibreaċais, aċ go mbeaḋ sé ró luaṫ fós socrú a ḋéanaṁ le gnóluċt eile monarcan Muintir Potes a ġlacaḋ, os rud é go raiḃ an Comluċt sin ag iarraiḋ dul i mbun táirgeaḋ arís.

Fiontan Ó Cuagáin — Céard a rinneaḋ le obair a ṫabairt do na daoine a ċaill a gcuid oibre?

An Dr. Ó hIrġile — Ceist margaíoċta atá ann. Tá an gnóluċt ag déanaṁ a ndíċeall an stoc a ḋíol ċoṁ gasta is ṫig leo.

F. Ó Cuagáin — Nár ḋúirt an tAire gurb é an geiṁreaḋ ba ċiontaí leis. Cinnte, ní hé sin an rud.

An Dr. Ó hIrġile — Ní dóiġe gur ḋúirt mé a ḋaṫ faoin aimsir an lá sin.

F. Ó Cuagáin—Nár ḋúirt an tAire gur léiġ sé seo ins na nuaċtáin. An raiḃ teangṁáil ar biṫ aige le Muintir Potes más ag léaṁ ins na nuaċtáin a ḃí sé?

An Dr. Ó hIrġile — Rinne mé fiosrú áiṫrid naċ ḃfuil mé réiḋ lena insint ag an ḃomaite.

F. Ó Cuagáin—Ḃfuil aon dóċas ag an Aire do na h-oibríṫe? Níl aon freagra aige.

GAOṪ BEARRA

Tá droċ spéir os cionna Duḃċarraiġ i mbliana. Indiaiḋ an stoirm a ṫáinig indiaiḋ na splannca agus toirneaċ go luaṫ sa ḃliain. tá na tuillteaċa anois, cé go ḃfuil siad ísliṫe agus glanta ar ṡiúl fán am seo, tá dámaiste déanta. Ḃí an tuille ba ṁeasa a ċonaċtas ariaṁ ag an Droiċead. Rinneaḋ damáiste trom de tiṫe, troscán agus guaisteáin. Mar a tuairiscaíoḋ an tseaċtain seo caite in AMÁRAĊ ḃí an "líne úr" millte go h-olc, agus ní raiḃ aċ áit do ṫraċt dul ag gluaiseaċt aċ treo aṁáin air. Ar feaḋ na seaċtaine a ḃí an áit scarṫa amaċ ón ċuid eile den ċondae ar fad, droiċead briste ag taoḃ a'Ṁuiinn, in aice le teaċ Ó Ceallaiġ, ⁊ an príoṁ ḃealaċ don Ċloċán Liaṫ druidte.

Coṁġáirdeaċas le Máire Carmel Nic an Ḃáird. An Gleasaí, Duḃċarraiġ, a ḃuaiġ scoláireaċt Comairle Ċondae. B'éigin dí táisteál 9 míle aċan lá go dtí an scoil agus ṫar n-ais. Iníon í do Peadar Mac an Ḃáird agus a ḃean.

MUIĠEO ABÚ

Tá cúrsaí peil i gCo. Ṁuiġeo ag éirí speisiúil i gceart anois, agus i ḃfad níos mó daoine ag cur suim ann. Ba ṁó an spreagaḋ do gaċ duine idir óg agus aosta an bua a ṫug Luimneaċ Dé Doṁnaiġ, nuair a ḃuaiġ siad go h-éasca le scór 4-14 i gcoinniḃ 2-6 do Luimneaċ.

CEAṪRÚ RUA

Cúis bróin ar fud an ċeantair go léir, bás Ríta Bean G. Malone, beanċéile an Gárda Tim Malone. Ḃí sí tinn le tamall, agus d'éag sí ar an 10ú lá de Ḋeireaḋ Fóṁair. Ba as Baile Ċlár na Gaillliṁe í, agus ḃí teaċ gnóṫa aici ar an gCeaṫrú Rua le cúig bliana déag. Bean ciúin socair ab' ea í, agus ḃí gaċ duine go maiṫ dí, agus is cúis ṁór bróin a bás, agus gan í aċ óg. Ḃí soċraid an ṁór ar fad léi, nuair a tugaḋ an corp go dtí Séipéal na Ceaṫrú Rua tráṫnóna Dé Luain, agus leis an soċráid go dtí an reilig nua i nGaillim, ar an Ṁáirt, taréis Aifreann na Marḃ, ar a 11 a' ċlog, i Séipéal na Paráiste, ar an gCeaṫrú Rua. Níṫear comḃrón lena fearċéile, Taḋg agus lena clann, Máire, Bríd, Tomás agus lena h-aṫair agus a máṫair, a driṫeáraċa, a deirfiúr agus gaolta.

Tá brón sa ċeantar go ḃfuil an Sáirsint Liam de hÓra, fear a ċomlíon a ḋualgaisí go díreaċ agus go fearúil i gcónaí, aistríṫe ó stáisiún na nGárdaí in Indreaḃán go dtí Máiġ Cuilinn.

Cé go raiḃ roinnt ṁaiṫ beiṫí ar aonaċ na searraċ i nDoire an Ḟiaiḋ, an ṁí seo, ní raiḃ mórán glaoċ orṫa, agus ḃí an luaċ síos go mór. Searraiġ a ḃí ag dul ó £50 go £80 an t-am seo anuraiḃ, ní raiḃ le fáil orṫa i mbliana aċ ó £20-£30.

Tá an Sáirsint Eoin Mac Suiḃne, a ċaiṫ tamall de ḃlianta in Rosmuc, aistriṫe ó Rosmuc, go Indreaḃán. Ḃí gaċ duine buíoċ dó in Rosmuc.

Ċaiṫ Nuala Ní Donġaile, fógróir cáiliúil Telefís Éireann, agus a fear-ċéile, saoire ar an gCeaṫrú Rua an tseaċtain seo caite.

An tseaċtain seo caite, d'éag Míċeál Ó Coisdealḃa, as Poinoilte. Ḃí sé os cionn 70 bliain.

Ḃí Enda Ó Collaḃráin, caiptín foireann peil na Gaillliṁe, a ḃuaiġ Corn Ṁic Guiḋir, sa gceantar an deireaḋ seaċtaine seo caite, agus ṫug sé cuairt ar an gcéilí in hala na paráiste.

Fáilte abaile arís roiṁ Micilín Ṁáirtín, sean-ḃádóir as Coileán, taréis deiċ seaċtaiṁí saoire a ċaiṫeaṁ sa Ḃreatain Ḃig. San spéir a ċuaiġ sé anonn agus a ṫáinig sé anall an t-am seo agus deir sé go ḃfuil sé níos comporda ná ar farraige.

Ċuaiġ os cionn 2,200 paisnéirí frí port na Gaillliṁe an séasúr seo, le linn an 11 glaoċ a rinne an Maasdam ar an ċaṫair. Láiṁseáileaḋ 10,000 málaí litreaċ ag an am ċéanna, agus 23 gluaisteán. Tá luċt na loinge sásta le tráċt an tséasúir.

CARRAIG

Fáilte roiṁ Tomás N. Ó Murċú, ó Oileán Ċliara, áit ar dúnaḋ an teaċ solúis, tá sé ceapaiṫe anois mar príoṁ coiméadaí i dteaċ soluis Raṫlin Ó Beirn taoḃ amuiġ de Ṁalainn Beag, in ionad Seán de Róiste, a ḃí ina ṗríoṁ-ċoiméadaí ansin, agus atá aistriṫe go dtí an teaċ soluis Cish nua i mBaile Áṫa Cliaṫ.

Tá Éamonn Cummins, aistriṫe posta ó Raṫlin Ó Beirn go Cish, agus L. Stóicéar, ó Ḃaile an Sceilg, teaċ soluis, atá taoḃ amuiġ de Ċiarraí, tágṫa ina áit. Ḃí a aṫair, Cecil Stóicéar, atá ar pinsean anois, ar Raṫlin Ó Beirn os cionn 30 bliain ó ṡin.

Tá Pól de Maio, agus a ḃean, indiaiḋ a gcuid saoire a ċaiṫeaṁ ag cónaí aṫair agus máṫair Bn. de Maio ag Gleann Colmcille. Eiblín Ní Osborne. ab' ainm di sul ar pósaḋ í, iníon do Seán Osborne agus a ḃean.

Ḃí an cluiċe fuist seaċtainiúil i halla Ṁuire, Caiseal, Dé hAoine. É. Bean de Búrca, Caiseal, a fuair an duais den scór ab' airde, agus an ċéad ḟear— C. Mac Loingsiġ. Cill an Ḟad; 2, P. Mac Giolla Easpaiġ. Mná —1, Bean Ṡéamuis Ó Gaḋra, Mín na Croise: 2, B. Bn. Ui Ġallċoḃair, Gaineaṁ.

I dTeaċ Pobail Naoṁ Columba, An Ċarraiġ. le Aifeann an Pósta agus Beannaċt an Ṗápa, pósaḋ Pádraic Ó hIaráin, aon ṁac Ṗádaiġ Uí hIaráin, agus Úna Bean Uí Iaráin, Eadar Gaḃail, Árd a' Ráṫa. agus Bríd Ní Ġaḋra, O.S., Scoil Náisiúnta, Gleann Colmcille, dara iníon do Bríd Ní Ġaḋra, agus Caṫal Ó Gaḋra. naċ maireann, Carraig Íoċtar. An tAṫair Séamas P. Ó Beirn, S.C., Carraiġ, a ṗós iad, agus an tAṫair Míċeál Mac Seáin, Bogaċ, An Ċarraiġ. colceaṫrar don ḃrídeoig, ar saoire óna Filipíní, ag caḃrú leis. A deartáir, Seoirse Ó Gaḋra, B.A. foireann innealtóireaċta Ċoimisiún na Talún, atá ag obair i gCo. na Gaillliṁe, a ṫug an ḃrídeoig le pósaḋ. Caṫal Ó Gaḋra, An Carraiġ, deartáir eile don ḃrídeog. agus Caitlín Ní Iarán, deirfiúr an ḟir, a ḃí ag báiteoireaċt leo. Ḃí an ḃainis i dTeaċ Ósta Hiġlands, Na Gleanntaí, áit a raiḃ os cionn 100 i láṫair. Tá mí na meala dá ċaiṫeaṁ ar turas frío iarṫar na hÉireann.

TACAÍOĊT

Ṫug Coṁairle Urbaċ Baile Ċaisleán an Ḃarraiġ gaċ tacaíoċt don feaċtas fá ċoinne coṫroṁaiṫe rátaí ag cruinniú a ḃí acu an tseaċtain seo caite. Dúirt Seán F. Cahill go raiḃ an coṁairle baile ar ċúl na ḃfeilméaraí insan iarraċt a ḃí siad a' ḋéanaṁ, leis na rátaí a ċoṫromú.

simplí — sultmhar — saor
samhlaíoch — so-mhaiseach — saor
soléite — saoithiúil — saor

FOILSEACHÁIN DO PHÁISTÍ

Buairtín*	Brighid Ní Loingsigh	32 lch.	2/-
Ceol na Coille*	Eilís Diolún	91 lch.	3/6
Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg*	Eilís Diolún	106 lch.	2/6
*(maisithe ag Patricia Ní Laighin)			
Patairín agus Patarún	Ailbhe Ó Monacháin (a d'aithris agus a rinne na pictiúir)	72 lch.	3/-
Seanchas na hÓige	Michael P. O'Connor (aistrithe ag Pádraic Óg Ó Conaire)	95 lch.	2/6
Ticití i dTír Ghúba	Criostóir Ó Floinn	38 lch.	1/6
Nua-Ranna Ceoil	Peadar Ó Dubhda	48 lch.	4/6
Ceol Rince na hÉireann	Breandán Breathnach	214 fonn	12/6

FOILSEACHÁIN RIALTAIS
Stuara Ard-Oifig an Phoist
Baile Átha Cliath
nó ó dhíoltóirí leabhar

AN GÚM